

Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí



**BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ**

**KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD**

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 Scéim Teanga 2020 - 2023

Clár	Leathanach
Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	3
1.4 Nóta ar an Scéim Uasdátaithe 2020-2023	4
Caibidil 2: Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí	
2.1 Misean agus Aidhmeanna	5
2.2 Príomhfheidhmeanna	6
2.3 Príomhsheirbhísí	7
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	7
Caibidil 3: Sonraí seirbhísí ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach	8
Caibidil 4: Ag feabhsú soláthar seirbhísí i nGaeilge	10
Caibidil 5: Ag feabhsú soláthar seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht.	15
Caibidil 6: Ag feabhsú inniúlacht sa Ghaeilge	
6.1 Earcaíocht	18
6.2 Oiliúint agus Forbairt	18
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge	20
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú	21
Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe	22

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003** d'ullmhú Scéim Teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthraíonn siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí)** á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith sa Ghaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar **Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí)** ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Is mór againn an t-am agus an dua atá curtha isteach ag na daoine a bhí bainteach leis an bpróiseas seo in ullmhú na Scéime.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tosaíonn sí le héifeacht ón data seo, 27 Nollaig 2020, agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

1.4 Nóta ar an Scéim Uasdátaithe 2020-2023

Sa tréimhse ama a raibh an Scéim Teanga deireanach i bhfeidhm, tháinig méid áirithe athraithe i bhfeidhm sna seirbhísí a chuireann BOO Chiarraí ar fáil trí mheán na Gaeilge:

- i. Tá Oifigeach Gaeilge páirtaimseartha fostaithe ó 2015 i leith;
- ii. Tá Coiste Stiúrtha Gaeilge bunaithe chun obair an Oifigigh Ghaeilge a stiúradh. Buaileann an Coiste le chéile 4 huairé sa bhliain chun dul chun cinn a mheas.
- iii. Tá Polasaí agus Fís i leith na Gaeilge forbartha ag BOO Chiarraí atá foilsithe ar an suíomh idirlín;
- iv. Tá Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin oscailte ó 2017. Tá an t-ionad seo lonnaithe sa Ghaeltacht agus tugann sé go leor deiseanna breise do BOO Chiarraí freastal ar mhuintir na Gaeltachta i gCiarraí Thiar;
- v. Tá comh-mhaoiniú á dhéanamh ag BOO Chiarraí ar ranganna Gaeilge do dhaoine fásta i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach i gcomhar le hOidhreacht Chorca Dhuibhne agus Comhairle Contae Chiarraí;
- vi. Tá comh-mhaoiniú á dhéanamh ag BOO Chiarraí ar phost mar Oifigeach Oideachais Gaeilge in Uíbh Ráthach i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta;
- vii. Tá BOO Chiarraí ag tacú le hiarrachtaí maoiniú a aimsiú do dhá ról mar Oifigeach Óige, ceann in Uíbh Ráthach agus ceann i gCorca Dhuibhne;
- viii. Tá BOO Chiarraí mar bhall de Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh, tascfhórsa a fhéachann le stop a chur leis an mbánú tuaithe atá ag tarlú sa cheantar sin trí sheirbhísí breise a chur ar fáil don phobal ann;
- ix. Tá réimse tograí cruthaitheacha curtha ar bun ag BOO Chiarraí i gCorca Dhuibhne do leanaí agus do dhéagóirí (féach Seirbhísí sa Ghaeltacht thíos);
- x. Tá BOO Chiarraí roghnaithe mar Cheanneagraíocht do scríobh Phlean Teanga Thrá Lí ón uair go bhfuil Trá Lí ainmnithe mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus tá tús curtha leis an obair ar scríobh an Phlean sin le déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar BOO Chiarraí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (ar a dtugtaí Seirbhís Oideachais Chiarraí roimhe seo – an VEC i gCiarraí) ar an 1 Iúil 2013. Is gníomhaireacht reachtúil é BOO Chiarraí atá freagrach as seirbhísí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil i gCo. Chiarraí.

Scoileanna agus Ionaid BOO Chiarraí

- 3 Phobalscoil Náisiúnta (Scoil Dhá Mhíle, Pobalscoil Náisiúnta, Pobalscoil Náisiúnta Thathuile agus Scoil an Ghleanna – Scoil Náisiúnta Phobail).
- 8 Iar-bhunscoil (Coláiste Pobail Oileán Ciarraí, Scoil Chuimsitheach an Tóchair, Coláiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín, Gaelcholáiste Chiarraí i dTrá Lí, Coláiste Pobail Chill Airne, Coláiste Pobail Chill Orglan, Coláiste na Ríochta, Coláiste Ghleann Lí i dTrá Lí).
- Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí le 4 champas ag soláthar cúrsaí le haghaidh fostaíochta, cúrsaí le haghaidh dul chun cinn gairmiúil agus printíseachtaí – 3 i dTrá Lí (Móin an Bhaile, Bóthar na Claise agus Sráid Deiní) agus 1 i Lios Tuathail.
- Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí.
- 5 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna (Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonail i gCathair Saidhbhín, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tóchair, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Neidín, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Tech Amergin sa Choireán).
- 4 Chlár SDOG (Trá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail, Ciarraí Theas).
- 5 Chlár Ógtheagmhála (Ciarraí Theas, Trá Lí (2), Cill Airne agus Lios Tuathail).
- 8 gClár Litearthachta & Oideachas Bunata d'Aosaigh (Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, Daingean Uí Chúis, Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail, Trá Lí).
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas ar fud an chontae (TFO).
- Cláir Oideachais Pobail ar fud an Chontae.
- Cláir Ranganna Oíche ar fáil i gColáiste Chiarraí agus cuid de na hionaid Breisoideachais agus Oiliúna.
- Seirbhís Threorach agus Eolais d'Aosaigh ar fud an Chontae.
- Ceapaigh na Lao, An tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer, Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne.
- Ionad Spóirt agus Fóillíochta Réigiúnach Thrá Lí Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta atá faoi chomhúinéireacht ag BOO Chiarraí agus Comhairle Contae Chiarraí.
- Music Generation
- Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach Chiarraí

Is eagraíocht mhór é BOO Chiarraí le breis is 1,100 fostaí, breis is 4,000 mac léinn in oideachas lánaimseartha, timpeall 1,200 cúrsa Breisoideachais agus Oiliúna ag freastal ar thart ar 11,700 foghlaiméir agus ag a bhfuil buiséad bliantúil thart ar €67 milliún.

2.1 Misean agus Aidhmeanna

An misean atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile oideachais agus oiliúna agus comhlachtaí forbartha pobail, ná sochaí foghlama ar feadh an tsaoil a chruthú agus a fhorbairt i gCiarraí, ionas go mbeidh fáil ag gach duine atá ag cur fúthu i gCiarraí ar an oideachas agus ar an oiliúint atá de dhíth chun a gcumas agus a gcuid riachtanas a bhaint amach.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Is iad na príomhfheidhmeanna a bhíonn ag Boird Oideachais agus Oiliúna, mar atá ráite i Rannóg 10 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, ná:

- a) na rudaí seo leanas a chur ar bun agus a chaomhnú ina limistéar feidhme: scoileanna aitheanta, ionaid oideachais agus áiseanna oideachais nó oiliúna,
- b) nuair a ordáíonn an tAire é:
 - i. scoileanna aitheanta a chur ar bun agus a chaomhnú ina limistéar feidhme,
 - ii. ionaid oideachais a chur ar bun agus a chaomhnú ina limistéar feidhme,
 - iii. ionaid oideachais nó scoileanna aitheanta ina limistéar feidhme a chaomhnú, agus
 - iv. áiseanna oideachais nó oiliúna ina limistéar feidhme a chur ar bun, a chaomhnú nó acmhainní a chur ar fáil dóibh,
- c) pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint, san áireamh anseo tá oideachas agus oiliúint a chuirtear ar fáil ar mhaithe le fostaíocht a bhaint amach, mar aon le seirbhísí coimhdeacha lena mbaineann ina limistéar feidhme:
 - i. scoileanna aitheanta nó ionaid oideachais atá faoi chothabháil aige,
 - ii. áiseanna oideachais nó oiliúna atá faoi chothabháil nó maoinithe aige,
 - iii. ionad coinneála leanaí atá faoi chothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,
- d) socruithe a dhéanamh le, agus seirbhísí tacaíochta a thabhairt do, sholáthróirí oideachais nó oiliúna,
- e) scoláireachtaí a chur ar bun,
- f) ráiteas straitéise a ghlacadh chuige féin,
- g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh chuige féin,
- h) comhoibriú le duine ar bith atá ainmnithe chun iniúchadh inmheánach a dhéanamh,
- i) oideachas agus oiliúint a chur ar fáil nuair a iarrtar é, agus ar son, aon chomhlacht a chuireann maoiniú d'oiliúint ar fáil ó airgead a tugadh don ghníomhaireacht sin ón Oireachtas,
- j) tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí obair don óige ina limistéar feidhme ó thaobh cur ar fáil na seirbhísí sin, comhordú, riaradh agus measúnú a dhéanamh orthu agus eolas a chur ar fáil don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige nuair a iarrtar é maidir leis an tacaíocht sin, agus
- k) a mheas pé acu an bhfuil an tslí a chomhlíonann sé a chuid dualgas tíosach, éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá BOO Chiarraí gníomhach sna pobail áitiúla trí chláracha oiliúna agus oideachais a sholáthar go díreach in ionaid oiliúna, i gcoláistí agus in ionaid oiliúna agus oideachais eile.

2.3 Príomhsheirbhísí BOO Chiarraí

- Pobalscoileanna Náisiúnta
- Oideachas Iar-bhunscoile
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha
- Music Generation
- Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach Chiarraí

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Scoileanna:

Scoil Dhá Mhíle, Pobalscoil Náisiúnta

Pobalscoil Náisiúnta Thathuile

Scoil an Ghleanna, Scoil Náisiúnta Phobail

Scoil Chuimsitheach an Tóchair

Coláiste Pobail Oileán Chiarraí

Coláiste Ghleann Lí Iarbhunscoil

Coláiste na Sceilge

Gaelcholáiste Chiarraí

Coláiste Pobail Chill Airne

Coláiste Pobail Chill Orglan

Coláiste na Ríochta

Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna:

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Neidín

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tóchair

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Tech Amergin

Coláiste Chiarraí (4 champas)

Campas Lios Tuathail

Campas Shráid Deíní

Campas Bhóthar na Claise

Campas Mhóin an Bhaile

Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí ar Shráid Deíní

Spórt agus Oideachas Amuigh faoin Aer:

Ceapaigh na Lao An tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer

Ionaid Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne

Ionad Spóirt agus Fóillíochta Réigiúnach Thrá Lí Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chiarraí)

Caibidil 3: Sonraí seirbhísí ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach

Sonraí seirbhísí atá á gcur ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla; **seirbhísí sa Ghaeltacht san áireamh.**

Soláthar Seirbhísí ar fáil faoi láthair		
Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	Dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
An Cheannoifig		Ceannoifig BOO Chiarraí, Trá Lí Tá an tOifigeach Gaeilge agus baill foirne chuí ar fáil chun tacú leis an gCeannoifig le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge
Scoileanna	Scoil Dhá Mhíle, Pobalscoil Náisiúnta Pobalscoil Náisiúnta Thathuile Scoil Chuimsitheach an Tóchair Coláiste Pobail Oileán Ciarraí Coláiste Ghleann Lí Iarbhunscoil Coláiste Pobail Chill Airne Coláiste Pobail Chill Orglan Coláiste na Ríochta	Coláiste na Sceilge Gaelcholáiste Chiarraí Scoil an Ghleanna
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna	Coláiste Chiarraí (4 champas) Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Neidín Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Tóchair Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Tech Amergin	Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin
Cláir Ógtheagmhála	Ógtheagmháil, Trá Lí Ógtheagmháil LCA, Trá Lí Ógtheagmháil Chill Airne Ógtheagmháil Lios Tuathail Ógtheagmháil, Chiarraí Theas	

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)	SDOG Chill Airne SDOG Lios Tuathail SDOG Chiarraí Theas SDOG Thrá Lí	
Seirbhís Threorach agus Eolais d'Aosaigh Chiarraí (STEAC)	STEAC sa Cheannoifig, Trá Lí	
Ionaid Spóirt agus Oideachais Amuigh faoin Aer	Ceapaigh na Lao An tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer	
	Ionad Spóirt agus Fóillíochta Réigiúnach Thrá Lí Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chiarraí)	
Seirbhísí sa Ghaeltacht	I mBéarla amháin	Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
Bhunaigh BOO Chiarraí Ionad Breisoideachais agus Oiliúna sa Daingean atá sa Ghaeltacht. D'oscail an t-ionad seo i mí Dheireadh Fómhair 2017.	Cuireann Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin réimse leathan cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ar fáil i rith na bliana.	Cuireann Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin méid áirithe cúrsaí ar fáil as Gaeilge e.g. Málaí scéalaíochta do thuismitheoirí, ceardlanna amhránaíochta le Muireann Nic Amhlaoibh, cúrsa oidhreachta, cúrsa teanga agus spraoi. In 2020-2021, déanfar Clár Luathbhlianta de chuid Parents Plus a chur ar fáil trí Ghaeilge mar aon le cúrsa ceardaíochta séasúrach do thuismitheoirí agus cúrsa oíche d'fheirmeoirí trí Ghaeilge. Cuirtear cúrsaí litearthachta ar fáil as Béarla agus as Gaeilge (nuair a bhíonn éileamh ann).

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
Fógraí réamhthairfeadta ó Bhéal	Beidh na fógraí réamhthairfeadta seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach: <ul style="list-style-type: none"> Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta; Fógraí tairfeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí; Fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhthairfeachtairfeachta nó trí chóras ríomhfhairfeaghartha gutháin. <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí ‘tairfeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhainneann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfean an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí tairfeadta ó bhéal a dhéanann nó ar a shon.</p>		Éigeantach
	Modh Cumarsáide leis an bPobal	Gealltanais	
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Post Leictreonach	Tabharfar fairfeagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfairfearthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe, ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine; leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
Comharthaí	Comharthaí	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann BOO Chiarraí in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin/ Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gCeantar Gaeltachta i ngnó oifigiúil i gcomhréir leis an reachtaíocht.	Éigeantach

Déanfaidh BOO Chiarraí an liosta bearta seo a leanas faoi gach seirbhís.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanas	Amlíne Laistigh de BI 1/ BI 2 / BI 3
Cumarsáid ó Bhéal	Fáiltiú	Beannófar do chustaiméirí i dtosach báire i nGaeilge agus ansin i mBéarla. Beidh seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil ón gCeannoifig; Coláiste na Sceilge, Gaelcholáiste Chiarraí, Scoil an Ghleanna agus Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin.	Go leanúnach
	Seirbhís duine le duine/Seirbhís Chuntair	Cuirfear liosta suas chun dáta ar fáil de bhaill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.	Go leanúnach
Cumarsáid ó bhéal / i scríbhinn	Lasc-chlár	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla agus ainm gach Scoil agus Ionad de chuid BOO Chiarraí.	Go leanúnach
	Cumarsáid ghutháin leis an bpobal	Cuirfidh baill foirne dhátheangacha custaiméirí ar an eolas go bhfuil siad sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, má theastaíonn.	Go leanúnach
	Fógraí réamhthaifeadta ó bhéal	Beidh beannuithe pearsanta réamhthaifeadta gutháin na mball foirne i bhfoirm dhátheangach.	Go leanúnach
	Fógraí beo	Beidh 20% d'fhógraí beo dátheangach.	Go leanúnach
	Bileoga eolais/ Bróisiúir	Beidh na bileoga eolais agus na bróisiúir uile a dhéantar a fhógairt sa Ghaeltacht dátheangach.	Go leanúnach

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI 1 / BI 2 / BI 3
	Foirmeacha iarratais	Beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na foirmeacha seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> Foirmeacha iarratais ar phoist ainmnithe Gaeilge; Foirmeacha iontrála do Ghaelcholáiste Chiarraí, Scoil an Ghleanna, an tAonad i gColáiste na Sceilge agus Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin. 	Go leanúnach
Na Meáin	Preaseisiúintí	Eiseofar 60% de na preaseisiúintí go dátheangach. An aidhm ná go n-eiseofar an t-ábhar seo go comhuaineach. Eiseofar preaseisiúintí a bhaineann leis an nGaeltacht / an Ghaeilge go comhuaineach i nGaeilge nó go dátheangach.	Go leanúnach
	Urlabhraithe na Meán	Beidh urlabhraí/urlabhraithe Gaeilge ar fáil i gcomhair agallamh leis na meáin Ghaeilge.	Go leanúnach
	Óráidí	Beidh 15% d'ábhar Gaeilge in óráidí Béarla. San áireamh san ábhar seo beidh beannachtaí tosaigh agus deiridh óráide i nGaeilge, mar aon le tagairtí anonn is anall i nGaeilge d'ábhar agus/nó d'ócáid na hóráide, ar a laghad. Beidh gach óráid oifigiúil ó BOO Chiarraí sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin.	Go leanúnach
	Eile	Beidh gach postáil oifigiúil sna meáin shóisialta dátheangach.	Go leanúnach

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI 1 / BI 2 / BI 3
Teicneolaíocht Faisnéise	Ríomhphost	Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist – séanadh mar shampla, dátheangach. Cruthófar seoladh ríomhphoist ar leith le haghaidh fiosruithe i nGaeilge: oifigeachgaeilge@boochiarrai.ie	Go leanúnach
	Suíomhanna idirlín	Beidh an t-ábhar seasta ar an suíomh idirlín agus ar shuíomh idirlín tánaisteach ar bith eile de chuid an chomhlachta phoiblí ar fáil go dátheangach.	Go leanúnach
	Córais ríomhaireachta	Beidh córas ríomhaireachta nua ar bith a shuiteálfar ábalta déileáil go hiomlán leis an nGaeilge.	Ó dháta shuiteáil an chórais
	Seirbhísí Idirghníomhacha	Cuirfear gach seirbhís nua de chuid BOO Chiarraí ar líne agus idirghníomhach ar fáil ar bhonn dátheangach.	Go leanúnach
	Eile	San áireamh ar leathanach baile shuíomh idirlín an Bhoird beidh ráiteas dátheangach fáiltithe an Phríomhfheidhmeannaigh, ina dhearbhfófar tiomantas an Bhoird do chur i bhfeidhm ghealltanais a scéime teanga comhaontaithe.	Go leanúnach
Gaeltacht	Cruinnithe	Nuair a theastaíonn, tionólfar cruinnithe sa Gaeltacht i nGaeilge, le haistriúchán comhuaineach i mBéarla ar fáil, de réir mar is cuí. Déanfar cruinnithe a eagraíonn BOO Chiarraí le plé le saincheisteanna na Gaeilge a thionól as Gaeilge nó go dátheangach, de réir mar is cuí. Cuirfear fáilte roimh ionchur i nGaeilge agus i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an comhlacht poiblí nó a eagraítear thar ceann an chomhlachta phoiblí.	Go leanúnach

Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí suite sa Ghaeltacht faoi dháta áirithe.

Gealltanais sa Ghaeltacht

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI 1/ BI 2 / BI 3
Tá ionad buan ag BOO Chiarraí sa Daingean, i nGhaeltacht Chorca Dhuibhne.	<p>Ofrálfaidh BOO Chiarraí ar a laghad 4 chúrsa trí mheán na Gaeilge san Ionad Breisoideachais agus Oiliúna sa Daingean gach bliain, ag brath ar éileamh.</p> <p>Cuirfidh BOO Chiarraí liosta le chéile de theagascóirí atá ábalta cúrsaí a theagasc trí mheán na Gaeilge.</p> <p>Cinntoidh BOO Chiarraí go dtacaíonn an córas le cúrsaí a chur ar fáil sa Ghaeltacht trí mheán na Gaeilge trí Treoirínite soiléire a chur le chéile do sheachadadh cúrsaí sa Ghaeltacht (i.e. an t-íosmhéid foghlaimeoirí is gá le cúrsa a rith a íslíú).</p> <p>Cuirfidh BOO Chiarraí cúrsa Parents Plus ar fáil san Ionad Breisoideachais agus Oiliúna sa Daingean trí mheán na Gaeilge san fhómhar 2020 ag brath ar éileamh.</p> <p>Leanfaidh BOO Chiarraí leis an gcomhoibriú leanúnach atá ann idir iad féin, Comhchoiste Uíbh Ráthaigh agus Comharchumann Chorca Dhuibhne chun seirbhísí óige a fhorbairt d'Uíbh Ráthach agus do Chorca Dhuibhne.</p> <p>Leanfaidh BOO Chiarraí ag tacú le hiarrachtaí maoiniú a aimsiú chun dhá phost mar Oifigeach Óige a chruthú, ceann i gCorca Dhuibhne agus ceann in Uíbh Ráthach.</p> <p>Leanfaidh BOO Chiarraí ag comh-mhaoiniú post mar Oifigeach Oideachais Gaeilge in Uíbh Ráthach, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.</p>	Faoi dheireadh na Scéime

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI 1/ BI 2 / BI 3
<p>Cuireann BOO Chiarraí tionscnaimh chruthaitheacha teanga-lárnaithe ar fáil do leanaí agus déagóirí i gCorca Dhuibhne, mar shampla:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Campa samhraidh i scileanna meán chumarsáide do dhaltaí rang 6 i mBaile an Fheirtéaraigh (5 lá) 2. Togra Ceoil do dhéagóirí ina gcumann said ceol nua trí mheán na Gaeilge agus déantar taifeadadh ar na hamhráin. 3. Togra scríobh litreacha, Cairde ar an bPeann, ina scríobhann daltaí Bhliain 1 i bPobalscoil Chorca Dhuibhne litreacha chuig daltaí i nGaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí agus an tAonad Gaeilge i gColáiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín. 4. Tionól Scoile do dhaltaí ‘Cairde ar an bPeann’ i mí na Bealtaine ina dtagann siad ar fad le chéile chun lá spráúil a chaitheamh le chéile. 5. Comhoibriú le Mol Teic an Daingin ar thograí cosúil le sraith ceardlann beochana as Gaeilge do dhéagóirí. 	<p>Eagraíonn an tOifigeach Gaeilge na tionscnaimh seo i gcomhar le comhlachtaí eile agus tá said neadaithe anois i bhféilire BOO Chiarraí agus leanfar ar aghaidh á bhforbairt ó bhliain go bliain.</p>	<p>Go leanúnach</p>

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI 1/ BI 2 / BI 3
6. Comhoibriú le TechSpace trí Ghaeilge chun tograí cruthaitheacha, teicniúla a dhéanamh le daoine óga.		
Cuireann BOO Chiarraí seirbhís Oideachais Bunata Aosach ar fáil sa Daingean	Cuirtear cúrsaí litearthachta ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar bhonn duine le duine agus ag brath ar éileamh.	Go leanúnach

An Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí lonnaithe Ghaeltacht	
Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI 1/ BI 2 / BI 3
Is í an Ghaeilge teanga oibre Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin atá lonnaithe sa Ghaeltacht.	Go leanúnach
Beidh comhfhreagras a bhaineann le pobal na Gaeltachta i nGaeilge amháin nó dátheangach.	Ó thus na scéime
Tá cúrsaí á gcur ar fáil faoi láthair sa Ghaeltacht trí mheán an Bhéarla agus Gaeilge. Aithníonn BOO Chiarraí go bhfuil deis ann freastal ar éileamh ar chúrsaí breisoideachais trí Ghaeilge agus tá siad tiomanta do thaighde a dhéanamh ar réimse spéise an phobail Ghaeltachta agus teagascóirí oiriúnacha a aithint sna réimsí sin.	Go leanúnach

Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair BOO Chiarraí an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá BOO Chiarraí tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

Ag feabhsú inniúlacht sa Ghaeilge	Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI1/BI2/BI3
Earcaíocht	Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do bhaill nua foirne ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe.	Go leanúnach
Oiliúint	Cuirfear deiseanna ar fáil chun feabhas a chur ar inniúlacht na foirne sa Ghaeilge. Déanfar socruithe cuí chun oiliúint sa Ghaeilge agus teastas tástála inniúlachta a chur ar fáil don fhoireann chun: <ul style="list-style-type: none">• tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád agus a fhorbairt,• feabhas a chur ar chumas na foirne a n-oibleagáidí agus a riachtanais Ghaeilge i gcur i gcrích a ndualgas a chomhlíonadh,• córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a chur ar fáil don fhoireann, agus	Go leanúnach

Ag feabhsú inniúlacht sa Ghaeilge	Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI1/BI2/BI3
	<ul style="list-style-type: none"> Cuireadh cúrsa oiliúna sa Ghaeilge ar fáil sa Cheann Oifig le linn uaireanta an chloig oibre san Fhómhar 2019 agus leanfar ar aghaidh ag cur na hoiliúna seo ar fáil ó bhliain go bliain. <p>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós: www.tearma.ie, www.teanlann.ie, www.focloir.ie agus www.abair.ie, chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill.</p>	
Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn / Acmhainní a chur ar fáil	<p>Beidh an fhoireann ar an eolas faoi choincheap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh – ag tairiscint seirbhísí go réamhghníomhach don phobal.</p> <p>Éascófar rochtain ar eolas maidir le hacmhainní teanga ar nós na cinn luaite thuas chun tacú leo le cumarsáid scríofa agus labhartha.</p> <p>Tairgfear agus dreasófar Forbairt Ghairmiúil Leanúnach chúí d'fhoireann riaracháin BOO Chiarraí, chun a leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a neartú.</p>	Go leanúnach
Eile	<p>Cuirfear póstaer chearta teanga (ar fáil ó Oifig an Choimisinéara Teanga) ar crochadh in áit shuntasach i ngach oifig riaracháin agus gach ionad aitheanta oideachais de chuid BOO Chiarraí.</p> <p>Tionscnófar suirbhé foirne lena leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a thomhais, ina dtabharfar deis dóibh iad féin a rangú mar Líofa nó An-mhaith nó Maith nó Réasúnta nó Lag.</p> <p>Baileofar eolas maidir le hinniúlacht iarratasóra sa Ghaeilge ar fhoirmeacha iarratais fostaíochta. Luafaidh iarratasóirí pé acu an bhfuil siad Líofa, An-mhaith, Maith, Réasúnta, Lag.</p> <p>I gcásanna a bhfuil Gaeilge luaite mar chritéir do phost, cuirfear ceist as Gaeilge ag an agallamh.</p>	Go leanúnach

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Chomh maith le múinteoirí Gaeilge, tá na poist liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúraim an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar pobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí.

Teideal an phoist	Láthair	An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal	Comharthú den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ceann: tosaitheoirí, meánleibhéal nó ardleibhéal)
<i>Gaelcholáiste Chiarraí</i> Príomhoide Príomhoide Tánaisteach Múinteoirí	Trá Lí	Daltaí meánscoile (nach bhfuil sa Ghaeltacht)	Ardleibhéal inmhianaithe.
<i>Scoil an Ghleanna, Pobalscoil Náisiúnta</i> Príomhoide Príomhoide Tánaisteach Múinteoirí	Baile an Sceilg, Uíbh Ráthach	Daltaí bunscoile sa Ghaeltacht	Ardleibhéal inmhianaithe.
Múinteoirí san Aonad Gaeilge i gColáiste na Sceilge	Cathair Saidhbhín	Daltaí meánscoile (sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht)	Ardleibhéal inmhianaithe.
<i>Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin</i> Bainisteoir Riarthóir Aon ról a d'fhéadfadh teacht chun cinn san ionad amach anseo	Daingean Uí Chúis	Corca Dhuibhne	Ardleibhéal inmhianaithe.

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tá an fhreagracht maidir le monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar an scéim tugtha ar lámh don **Lucht Stiúirthoireachta**. Is é/í Oifigeach Gaeilge BOO Chiarraí an teagmhálaí don scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeánt ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- cuirfimid in iúl ar threoirínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.